

[11\\_02.mp3](#)

**Bileog 11.2**

Siobhán

Fuair mo mháthair stróc dhá bhliain ó shin. Ní bhraitheann sí rómhaith ó shin, i ndáiríre. Tá aois mhór aici, tá sí cúig bliana is ochtó. Tá sí ina cónaí léi féin, ach ar a laghad tá a teach béal dorais liom. Is féidir linn súil mhaith a choinneáil uirthi, mar sin. Is féidir léi gach rud a dhéanamh di féin den chuid is mó, ach anois is arís cuireann an t-airtríteas isteach uirthi agus fanann duine ón teaghlach léi ansin. Bíonn sé deacair go leor in amanna. Fuair m'athair bás bliain ó shin, bhuaíl taom croí é. Mothaíonn muid ar fad uainn é.

[11\\_03.mp3](#)

**Bileog 11.3**

Melanie

Bhíos ag ullmhú an dinnéir an oíche eile agus thit pota a bhí lán d'uisce beirithe anuas ón sorn ar mo chos. Ó bhí an phian go hainnis. Bhéic mé amach ó bharr mo chinn. Chuala m'fhear céile mé agus rith sé isteach chugam. Chuireamar uisce fuar ar mo chos ach bhí sé chomh pianmhar sin go raibh orm dul go dtí an t-ospidéal. Beidh na maidí croise seo agam go ceann sé seachtaine nó mar sin.

Séamas

An mhaidin eile agus mé ag tiomáint chun na hoibre, d'imigh mo charr go huile agus go hiomlán as smacht orm. Níor thuig mé céard a bhí ag tarlú, níor thuig mé ar chor ar bith go raibh leac oighir ar na bóithre. Shleamhnaigh an carr ar fud na háite. Cé gur baineadh geit uafásach asam níor gortaíodh mé ar chor ar bith, buíochas le mac Dé.

Clive

Tá drochdhóigh ar mo mháthair, bhí taom croí aici an tseachtain seo caite. Duine an-aclaí atá inti, bhí sí díreach tar éis teacht abhaile ó laethanta saoire i Nua Eabhrac nuair a tharla sé. Tá sí seachtó bliain d'aois ach ní raibh sí tinn riamh ina saol, ach amháin má bhí fliú nó slaghdán uirthi anois is arís. Tá sí san ospidéal go fóill, níl a fhios againn cén uair a scaoilfear amach í. Caithfidh sí aire níos fearr a thabhairt di féin amach anseo. Tá mé cinnte faoi sin.

Mary

Leon mé mo mhurnán cúpla bliain ó shin agus bíonn fadhbanna agam leis go fóill. Bean mhór spóirt mé ach caithfidh mé a rá má bhím ag rith rófhada cuireann mo mhurnán isteach orm. Chomh maith leis sin, nuair a bhíonn an aimsir fliuch, rud a tharlaíonn anseo in Éirinn, tagann pian ar ais ann. Níl a fhios agam cad é is féidir liom a dhéanamh.

[11\\_06.mp3](#)

**Bileog 11.6**

Tá Áine sa bhliain chéanna liom. Tá craic mhaith inti. Is duine an-chliste agus greannmhar í. Cuireann sí a lán suime i ngach rud. Is breá liom am a chaitheamh léi. Tá sí an-fhéinmhuiníneach!

Bím ag obair le Seán gach Satharn. Is duine an-chiúin é. Is dócha go bhfuil sé faiteach ach sílim féin gur duine sách ardnósach é! Tá sé leithleach/leithleasach chomh maith, bíonn sé breá compordach ligean domsa an obair ar fad a dhéanamh a fhad is atá sé féin ag scimeáil ar an idirlíon. Cuireann sé sin isteach go mór orm.

Is í Clíona an cara is fearr atá agam. Mar chara tá sí chomh fial agus chomh dílis. Tá sí chomh réchúiseach, go háirithe liomsa, mar is féidir liom a bheith cantalach go leor go minic, agus bíonn sí i gcónaí foighneach liom.

Is duine an-lách í Yvonne, tá sí chomh cineálta sin. Dhéanfadh sí aon ní duit. Cé gur duine ciallmhar í tá craic mhaith inti agus tá muid an-mhór le chéile. An t-aon rud faoi Yvonne ná go bhfuil sí leisciúil go leor agus cuireann sé sin isteach orm.